# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## Clár Gairmiúil na hArdteistiméireachta

### Nascmhodúil Scrúdú 2005

### DÉ CÉADAOIN, 4 BEALTAINE 2005, 10.00 r.n. – 12.30 i.n.

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

| Uimhir Scrúdaithe |
|---|
| |

**Scríobh d'Uimhir Scrúdaithe sa bhosca.**

Scríobh na freagraí go léir sa Leabhar Freagraí seo.

Tá **trí** roinn sa Scrúdú seo.

**Roinn A – Closamharc**

Tá **ocht** gceist ann.

Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**

Tá **trí** cheist ann.

Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginearálta**

Tá **sé** cheist ann.

Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

| Roinn A | Closamharc | 30 marc |
|---|---|---|

- Beidh **trí** nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Feicfidh tú fístéip ar an téama *Gnó agus Forbairt Réigiúnach*.
- Feicfidh tú an fhístéip trí huaire.
  * Feicfidh tú ó thosach deireadh é ar dtús.
  * Taispeánfar ansin é i dtrí chuid. I ndiaidh gach cuid a thaispeáint tabharfar am duit do chuid freagraí a scríobh sa rannóg chuí den leabhar freagraí.
  * Feicfidh tú an fhístéip iomlán ó thosach deireadh arís ansin.

Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí.

| **Roinn A** | **Closamharc** | **30 marc** |
|---|---|---|

**Freagair gach ceist.**

**Cuid 1**

**C.1** Ainmnigh **dhá** fhiontar go raibh baint ag Pádraig Ó Céidigh leo.

**2 mharc**

**C.2** Luaigh **dhá** dheacracht a bhí aige agus é ag cur Aer Arann ar bun.

**2 mharc**

**C.3** Conas a d'fhás an fiontar le 10 mbliana anuas? Luaigh **dhá** bhealach.

**2 mharc**

**Cuid 2**

**C.4** Luaigh **dhá** chúis go bhfuil post Mhíchíl tábhachtacht don chomhlacht.

**4 mharc**

**C.5** Bhí ar Mhícheál bogadh go Baile Átha Cliath agus é ag glacadh leis an bpost nua. Cén fáth go raibh sé seo riachtanach agus cad iad na hathruithe a tháinig ar a shlí bheatha?

**4 mharc**

**C.6** Déan cur síos ar **dhá** dhúshlán atá roimh Aer Arann anois dar le Micheál.

**4 mharc**

**Cuid 3**

**C.7** Conas a dhéanfá cur síos ar **agus** measúnú ar thionchar Aer Arann ar fhorbairt ar chósta iarthar na hÉireann le 10 mbliana anuas?

**6 mharc**

**C.8** Rianaigh anseo thíos an anailís LLDB (SWOT) do Aer Arann le míniú ar gach pointe agat.

**6 mharc**

# Forbairt Phobail

Tá Béal Trá 80 ciliméadar ón gcathair is cóngaraí dó agus 20 ciliméadar ó cheithre bailte móra eile. Tá abhainn bhreá ag sní tríd an mbaile agus tá coill mhór darach ar an imeall thiar. Tá bunscoil amháin, coláiste pobail agus ionad oiliúna pobail ar an mbaile. Tá seanóstán ann ina bhfuil sé sheomra déag agus is gá é a athchóiriú. Tá teach mór tuaithe ón 19ú haois, ar gá obair atógála a dhéanamh air, agus galfchúrsa naoi bpoll ag gabháil leis, 8 gciliméadar ón mbaile.

Tá comhlacht darb ainm Seac O'Láid Teo. i mBéal Trá le hocht mbliana. Gnó milseogra atá ann agus tá beirt deartháireacha ina bhun. Tá sé lonnaithe ar láthair tionsclaíochta díreach lasmuigh den bhaile. Tá seasca cúig duine fostaithe ag an gcomhlacht. Bhí láimhdeachas naoi milliún euro ag an gcomhlacht i 2002 ach laghdaigh sé seo go dtí seacht milliún euro i 2004 mar gheall ar an easpa éilimh ar tháirgí milseogra. Ina theannta sin, luigh breis iomaíochta agus arduithe ar chostais árachais agus phá ar an gcomhlacht. Chaill roinnt fostaithe a bpoist dá bharr seo agus tá an comhlacht ag plé ar chóir an gnó a laghdú tuilleadh tar éis iniúchadh a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais.

Tuigeadh do mhuintir na háite nárbh fhéidir dá bpáistí socrú síos sa bhaile amach anseo, mar gheall ar na poist atá caillte i Seac O'Láid Teo. agus mar gheall ar easpa deiseanna fostaíochta sa cheantar. Bhain sé seo geit astu agus chuadar i mbun gnímh. Tugadh cuireadh do mhuintir na háite agus lucht gnó freastal ar chruinniú. Rinneadh plé ag an gcruinniú seo ar smaointe agus ar mholtaí éagsúla. Pléadh roinnt smaointe fiontraíochta a d'fhéadfaí a fhorbairt sa cheantar. Baineann dúshláin shuntasacha le fiontair nua ghnó a bhunú ar an mbaile, go háirithe maidir le hacmhainní agus leis an saineolas atá riachtanach.

Roghnaíodh coiste forbartha pobail chun dul i mbun tionscnamh forbartha. Tá sé ar intinn ag an gcoiste iniúchadh acmhainní áitiúla a dhéanamh chun acmhainní agus láidreachtaí an phobail a fháil amach agus chun dul i mbun margála leis na húdaráis áitiúla maidir le Páirc Ghnó a bhunú. Tá cuid de bhaill an choiste an-tógtha leis an timpeallacht agus ba mhaith leo go gcuirfí gnólachtaí ar bun feasta ar an mbaile a bheadh ag freagairt go dlúth do chúrsaí sóisialta agus timpeallachta.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
| --- | --- | --- |

**Freagair gach ceist.**

**C.1** Cé na háiseanna a bhíonn ag teastáil ó dhéagóirí óga, ina mbaile dúchais féin, nó i ngar dó?

**6 mharc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**C.2** Tá Seac O'Láid Teo. ag smaoineamh ar a chuid gnó a laghdú. Cad iad na roghanna eile ar chóir smaoineamh orthu, sula ndéanfaí an cinneadh seo?

**12 mharc**

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc |
|---|---|---|

**C.3** Tá sé beartaithe ag an gcoiste forbartha pobail doiciméad a dhréachtadh a rianóidh buntáistí an bhaile do ghnólachtaí nua.

(a) Luaigh, in ord tábhachta, liosta na mbuntáistí atá ag Béal Trá dar leat agus mínigh iad go hachomair:

(b) Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le Páirc Ghnó sa cheantar?

(c) Déan liosta, in ord tábhachta, de na cáilíochtaí ba mhaith leis an gcoiste a bhainfeadh le gnólachtaí a bheadh ag déanamh iarratais ar lonnú sa Pháirc Ghnó.

**12 mharc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

## ACHOIMRE AGUS INNÉACS NA gCEISTEANNA

Tá 6 cheist ar 25 mharc an ceann sa roinn seo agus ba chóir duit ceithre cinn ar bith a fhreagairt. Chun cuidiú leat na ceisteanna a roghnú le freagairt, agus iad a aimsiú, is é seo a leanas téacs na sé cheist ar fad agus uimhreacha na leathanach do gach ceann díobh. Freagair do rogha ceisteanna sna leathanaigh chuí a leanas.

**C.1 Tugann taighde ar ghairmeacha beatha réamheolas do mhic léinn ar na scileanna do thaighde agus do phleanáil ghairme.** **Lch. 13, 14, 15**

(a) Ainmnigh gairm atá fiosraithe agat.
(b) Luaigh agus déan anailís ar **thrí** cháilíocht phearsanta nó scil is gá chun dul i mbun na gairme áirithe seo.
(c) Agus gairm oiriúnach roghnaithe agat duit féin, luaigh **trí** chéim is gá duit a thógáil anois chun do sprioc ghairme a bhaint amach.
(d) Déan measúnú, ar **thrí** bhealach ar an bpróiseas fiosraithe gairme.

**C.2 Tá an fhiontraíocht riachtanach don dul chun cinn.** **Lch. 16, 17, 18**

(a) Cén tuiscint atá agat ar fhiontraíocht?
(b) Luaigh sampla **amháin** d'fhiontraíocht i ngníomh i ngach ceann de na réimsí seo a leanas:
  (i) an teaghlach
  (ii) an scoil
  (iii) an pobal.
(c) Luaigh **trí** shochar a thugann fiontraithe don tsochaí.
(d) Luaigh **ceithre** bhealach a bhféadfadh fiontraí an rath ar a g(h)nó a luacháil.

**C.3 Tá sé socraithe agat dioscó a chur ar siúl chun airgead a bhailiú don scoil agat.** **Lch. 19, 20, 21**

(a) Déan clár gnó do chruinniú ranga a dhréachtadh a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo.
(b) Cad iad na buntáistí a bhaineann le plean gnó a bheith agat?
(c) Faoi **thrí** cheannteideal ar leith, rianaigh plean gnó do dhioscó scoile.
(d) Cén chaoi, in ord tábhachta, a ndéanfá luacháil ar an bplean gnó seo?

**C.4 Go minic, is é an smaoineamh maith an bunús leis an bhfiontar rathúil.** **Lch. 22, 23, 24**

(a) Liostaigh **ceithre** mhodh chun 'smaointe a spreagadh'.
(b) Mínigh an tábhacht a bhaineann le hanailís **LLDB** (SWOT) chun deiseanna gnó a sholáthar d'fhiontar.
(c) Liostaigh na **ceithre** P i meascán margaíochta d'fhiontar gnó agus mínigh ceann **amháin** díobh.
(d) Déan plé ar **dhá** impleacht a bhaineann leis an Margadh Eorpach Aonair d'fhiontair in Éirinn.

**C.5 Tá páirt glactha ag gach mac léinn i dtaithí/scáthfhoglaim oibre agus tá Dialann/Log coinnithe acu.** **Lch. 25, 26, 27**

(a) Cén fáth a bhfuil taithí/scáthfhoghlaim oibre úsáideach?
(b) Liostaigh agus mínigh **ceithre** sprioc phearsanta a bhí agat maidir leis an taithí/scáthfhoghlaim oibre atá déanta agat.
(c) (i) Luaigh **dhá** bhealach chun teacht ar thaithí/scáthfhoghlaim oibre.
  (ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le ceann amháin de na bealaí atá luaite agat.
(d) Achoimrigh anseo thíos an luacháil a chuir tú isteach i do Dhialann/Log i do fhillteán.

**C.6 Thug do rang cuairt ar fhiontar pobail áitiúil nó ar eagraíocht dheonach mar chuid den CGA (L.C.V.P).** **Lch. 28, 29, 30**

(a) Ainmnigh eagraíocht ar thug tú cuairt uirthi agus rianaigh go hachomair an obair/seirbhís a chuireann sí ar fáil.
(b) Rianaigh **dhá** chúis ar thug tú an chuairt seo.
(c) Déan cur síos ar **cheithre** chéim riachtanacha a thógfá mar ullmhúchán don chuairt seo.
(d) Scríobh litir chuig cara leat i Meiriceá, agus rianaigh an méid a d'fhoghlaim tú de thoradh na cuairte seo.

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc |
|---|---|---|

**C.1 Tugann taighde ar ghairmeacha beatha réamheolas do mhic léinn ar na scileanna do thaighde agus do phleanáil ghairme.**

(a) Ainmnigh gairm atá fiosraithe agat.

Gairm: ______________________________

**1 mharc**

(b) Luaigh agus déan anailís ar **thrí** cháilíocht phearsanta nó scil is gá chun dul i mbun na gairme áirithe seo.

(i) ______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

(iii) ______________________________

______________________________

**6 mharc**

(c) Agus gairm oiriúnach roghnaithe agat duit féin, luaigh **trí** chéim is gá duit a thógáil anois chun do sprioc ghairme a bhaint amach.

(i) ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

(ii) ______________________________

______________________________

______________________________

(iii)

**8 marc**

(d) Déan measúnú, ar **thrí** bhealach ar an bpróiseas fiosraithe gairme.

(i)

(ii)

(iii)

**10 marc**

**C.2 Tá an fhiontraíocht riachtanach don dul chun cinn.**

(a) Cén tuiscint atá agat ar fhiontraíocht?

**2 mharc**

(b) Luaigh sampla **amháin** d'fhiontraíocht i ngníomh i ngach ceann de na réimsí seo a leanas:

(i) an teaghlach
(ii) an scoil
(iii) an pobal.

(i)

(ii)

(iii)

**6 mharc**

(c) Luaigh **trí** shochar a thugann fiontraithe don tsochaí.

**9 marc**

(d) Luaigh **ceithre** bhealach a bhféadfadh fiontraí an rath ar a g(h)nó a luacháil.

**8 marc**

**C.3 Tá sé socraithe agat dioscó a chur ar siúl chun airgead a bhailiú don scoil agat.**

(a) Déan clár gnó do chruinniú ranga a dhréachtadh a bhaineann leis an ngníomhaíocht seo.

**4 mharc**

(b) Cad iad na buntáistí a bhaineann le plean gnó a bheith agat?

**4 mharc**

(c) Faoi **thrí** cheannteideal ar leith, rianaigh plean gnó do dhioscó scoile.

**9 marc**

(d) Cén chaoi, in ord tábhachta, a ndéanfá luacháil ar an bplean gnó seo?

**8 marc**

**C.4 Go minic, is é an smaoineamh maith an bunús leis an bhfiontar rathúil.**

(a) Liostaigh **ceithre** mhodh chun 'smaointe a spreagadh'.

**4 mharc**

(b) Mínigh an tábhacht a bhaineann le hanailís **LLDB** (SWOT) chun deiseanna gnó a sholáthar d'fhiontar.

**5 mharc**

(c) Liostaigh na **ceithre** P i meascán margaíochta d'fhiontar gnó agus mínigh ceann **amháin** díobh.

**10 marc**

(d) Déan plé ar **dhá** impleacht a bhaineann leis an Margadh Eorpach Aonair d'fhiontair in Éirinn.

**6 mharc**

**C.5** **Tá páirt glactha ag gach mac léinn i dtaithí/scáthfhoglaim oibre agus tá Dialann/Log coinnithe acu.**

(a) Cén fáth a bhfuil taithí/scáthfhoghlaim oibre úsáideach?

**3 mharc**

(b) Liostaigh agus mínigh **ceithre** sprioc phearsanta a bhí agat maidir leis an taithí/scáthfhoghlaim oibre atá déanta agat.

**8 marc**

(c) (i) Luaigh **dhá** bhealach chun teacht ar thaithí/scáthfhoghlaim oibre.
(ii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le ceann amháin de na bealaí atá luaite agat.

(i)

(ii)

**6 mharc**

(d) Achoimrigh anseo thíos an luacháil a chuir tú isteach i do Dhialann/Log i do fhillteán.

**8 marc**

**C.6 Thug do rang cuairt ar fhiontar pobail áitiúil nó ar eagraíocht dheonach mar chuid den CGA (L.C.V.P).**

(a) Ainmnigh eagraíocht ar thug tú cuairt uirthi agus rianaigh go hachomair an obair/seirbhís a chuireann sí ar fáil.

**3 mharc**

(b) Rianaigh **dhá** chúis ar thug tú an chuairt seo.

**6 mharc**

(c) Déan cur síos ar **cheithre** chéim riachtanacha a thógfá mar ullmhúchán don chuairt seo.

**8 marc**

(d) Scríobh litir chuig cara leat i Meiriceá, agus rianaigh an méid a d'fhoghlaim tú de thoradh na cuairte seo.

**8 marc**

Is féidir an leathanach seo a úsaid le haghaidh nótaí nó le haghaidh freagraí breise.

# D’úsáid an Scrúdaitheora amháin
# Páipéar Scríofa

| | Marcanna Bronnta |
|---|---|
| **Roinn A** | |
| **Roinn B** | |
| **Roinn C** | |
| **C.1** | |
| **C.2** | |
| **C.3** | |
| **C.4** | |
| **C.5** | |
| **C.6** | |
| **Iomlán** | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán ó bhun na leathanach.<br>Total of end of page totals. | |
| 2. Mór-iomlán na ceiste/gceisteanna nár ceadaíodh.<br>Aggregate total of all disallowed Question(s). | |
| 3. Ollmharc cruinn a tugadh (1 lúide 2)<br>Total mark awarded (1 minus 2) | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí mheán na Gaeilge (más cuí).<br>Bonus mark for answering through Irish (if applicable). | |
| 5. Marc iomlán má tugadh bónas don fhreagairt trí Ghaeilge (3 + 4).<br>Total mark awarded if Irish Bonus ( 3 + 4). | |
| **Nóta**: Ní mór don mharc ar líne 3 (nó líne 5 má tugadh bónas don fhreagairt trí Ghaeilge) a bheith cothrom leis an marc **sa bhosca Móriomlán** ar an scriopt.<br>**Note:** The mark in row 3 (or row 5 if an Irish Bonus is awarded) must equal the mark in the **TOTAL** box on the script. | |

# Measúnú Fillteáin

| | Marcanna Bronnta |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **Iomlán** | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán<br>Total Marks | |
| 2. Mór-iomlán na ceiste/gceisteanna nár ceadaíodh<br>Aggregate total of all disallowed Question(s) | |
| 3. An t-ollmharc cruinn a bronnadh (1 lúide 2)<br>Total mark awarded (1 minus 2) | |